BGE/RE/AH/1209

"Cobweb" a ghlac Eimear O'Donoghue Loreto Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann mar chuid den chomórtas grianghrafadóireachta 'Capture the Power'.

Bord Gáis Energy *samhlaímis*

Leictreachas Sa bhaile

Nollaig / Eanáir 2010

SAN EAGRÁN SEO

Maratón Chathair Chorcaí 2010 Bord Gáis Energy 3

Míniú **ar do bhille** le heolaí simplí céim ar chéim 4

Gearr siar ar do chostais le leideanna teasa atá fusa le tuiscint 6

Athraigh agus coinnigh an **Liúntas Saorleictreachais** 8

Fáilte romhat chuig Sa bhaile

Is cuma cibé acu tuilleadh turcaí nó píog mhionra (nó trí cinn) i ngan fhios do gach éinne atá i gceist, is breá linn go léir bheith ag ithe le linn na Nollag. Os rud é go bhfuil deireadh na bliana ag druidim linn agus bliain nua ag tosú, tá sé in am duit sprioc nua a bheith agat. Ar smaoinigh tú riamh ar mharatón a rith?

Beidh **Maratón Chathair Chorcaí Bord Gáis Energy** ar siúl arís i Meitheamh. Tá eolas san eagrán is déanaí de Sa bhaile ar na bealaí inar féidir leat páirt a ghlacadh agus cistí atá de dhíth a chruinniú do charthanais.

Gheobhaidh tú comhairle freisin ar **na costais teasa i do theach a laghdú** le leideanna simplí ar an bhfuinneamh a úsáideann tú a laghdú. Anuas air sin, tá eolaí céim ar chéim áisiúil againn ar **do bhille a thuiscint**, agus léireoimid duit conas is féidir le duine a fhaigheann **Liúntas Saorleictreachais** é a choinneáil nuair atá an 'Big Switch' a dhéanamh chuig leictreachas ó Bord Gáis Energy.

Bain sult as d'eagrán is déanaí de Sa bhaile agus má tá ceist ar bith agat, níl ort ach r-phost a sheoladh chugainn ag **athome@bordgaisenergy.ie**. Cuimhnigh, táimid anseo chun cabhrú leat.

TRACY KENNEDY *Ceannasaí Oibríochtaí Custaiméirí*
BORD GÁIS ENERGY

STAITISTICÍ TÁBHACHTACHA

Sé cinn
is ea líon na mbillí leictreachais a fhaigheann tú sa bhliain.

7 Meitheamh 2010
Beidh Maratón Chathair Chorcaí Bord Gáis Energy ar siúl.

Céim amháin
nach mór duit do theirmeastat a ísliú chun d'ídiú fuinnimh a laghdú faoi 10%.

Bord Gáis Energy
CORK CITY MARATHON

Tá áthas orainn a dheimhniú go mbeidh Maratón Chathair Chorcaí Bord Gáis Energy ar siúl ar an 7 Meitheamh 2010. Beidh idir reathaithe gairmiúla agus lúthchleasaithe amaitéaracha ó gach cearn den tír ann i dteannta daoine cáiliúla de leithéid Sonia O'Sullivan agus táthar ag súil go sárófar barrleibhéal rannpháirtíochta 2009. Is féidir leatsa páirt a ghlacadh freisin. Mar sin bí sábháilte agus sláintiúil, tosaigh ag traenáil agus bíodh sé mar sprioc agat don Bhliain Úr 'maratón do gach éinne' a rith.

Rith do Charthanas

Gach bliain déantar laochra de ghnáthdhaoine toisc go gcruinníonn siad cistí atá de dhíth ar son dea-chúiseanna. Táimid in ann a dheimhniú freisin gurb é Cumann Ailse na hÉireann an carthanas oifigiúil do Mharatón Chathair Chorcaí Bord Gáis Energy arís agus spreagtar do rannpháirtithe nach bhfuil carthanas ainmnithe acu tacú leo chomh maith.

An maratón do chách

Mura bhfuil tú ag iarraidh na 26.2 míle ar fad a rith, cén fáth nach nglacfá páirt mar fhoireann sealaíochta? Agus idir 2 agus 5 reathaí ar d'fhoireann, beidh an cúrsa á roinnt agaibh go léir thar 5 chéim.

Conas iontráil

Má tá tú níos sine ná 18 is féidir leat iontráil ar líne ag www.corkcitymarathon.ie. Tá táillí iontrála ar lascaine ar fáil d'iarratasóirí roimh an 31 Márta 2010.

Is é an spriocdháta d'iontrálaithe ná an 10 Bealtaine 2010.

do bhille **leictreachais**

Bord Gáis Energy
samhlaímis

An tUas. Seán Samplach, 1
Aon Sráid,
Aon Bhaile,
Aon Chontae

Tréimhse bhilleála	01	DFó	09
	01	Nol	09
Dáta eisiúna	07	Nol	09

Uimhir an chuntais 2
1234567890

MPRN **12345678901** 3

UIMH. MHÉADAIR	LÉAMHA MÉADAIR		LEICTREACHAS ÚSÁIDTE	CINEÁLACHA LÉAMHA MÉADAIR
	FAOI LÁTHAIR	LÚIDE ROIMHE SEO	kWh	
Z000001234 7	6010	5065 8	945	**A:** Fíorléamh **C:** Léamh custaiméara **E:** Léamh measta

DG	MCC	PRÓIFÍL
DG1 4	MCC01 5	01 6

Taraif Lascaine - Lá Uirbeach(01 DFó 09 go 01 Nol 09)

Tuairisc	Aonaid	Ráta	MÉID €
Táille Sheasta 9	61 lá	25.20 cent/lá	15.62
Aonaid 24 Uair an Chloig	945	14.10 cent/kWh	133.25
Lascaine Dhochair Dhírigh		12%	15.99 CR
Iomlán gan CBL			132.88
C.B.L @ 13.5%			17.94
Móriomlán			150.82

Uimhir éigeandála
1850 372 999

Féach ar chúl le haghaidh:
Meascán breosla agus astúcháin CO_2

ÍOC LE DO THOIL FAOIN	IOMLÁN €
Dochar Díreach 21 Nol 09	150.82

Oifig chláraithe Bord Gáis Éireann:
Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh
Uimhir CBL: IE 9Y66102O

Íoc laistigh de 14 lá ó dháta eisiúna

Leathanach 1 de 1

Bord Gáis Energy

STAMPA AIRGEADÓRA & INISEALACHA

Banc AIB, 40/41 Sráid Westmoreland, Baile Átha Cliath 2
Uimhir an chuntais: 13007016 **Cód sortála:** 93-33-84
BIC: AIBKIE2D **IBAN:** IE95 AIBK 9333 8413 0070 16

AISTRIÚ CREIDMHEASA GÍORÓ BAINC	
AIRGEAD TIRIM BOINN €	
IOMLÁN AIRGEAD TIRIM €	
SEICEANNA ETC. €	

Uimh. chuntais an chustaiméara

1234567890	An tUas. Seán Samplach	IOMLÁN € 150.82

NÁ MARCÁIL FAOIN LÍNE SEO LE DO THOIL

01234 123456789012 0123456 931039

Míniú ar do bhille

1 Seoladh billeála
An seoladh a seoltar an bille chuige le haghaidh íocaíochta.

2 Uimhir Chuntais
Tabhair an uimhir seo le do thoil agus tú ag dul i dteagmháil leis an rannóg um sheirbhísí do chustaiméirí.

3 MPRN
Uimhir uathúil is ea an MPRN (Uimhir Thagartha Pointe Mhéadair) a bhaineann le d'áitreabh reatha agus a shainíonn nascphointe do mhéadair. Má athraítear do mhéadar is amhlaidh go bhfanann an uimhir MPRN mar atá sé.

4 DG
Cód tionscail is ea an cód DG a sheasann do d'úsáid dáileacháin den ghrúpa córais.

5 MCC
Cód tionscail is ea an cód MCC a sheasann do do chód cumraíochta méadair.

6 Próifíl
Is cód tionscail é an cód próifíle a sheasann do do rangú próifíl ualaí.

7 Uimhir mhéadair
Tá an uimhir mhéadair uathúil don mhéadar fisiciúil. Má athraítear do mhéadar is amhlaidh go n-athrófar uimhir an mhéadair.

8 Léamha méadair
Is iad na príomhghiorrúcháin a mbaintear feidhm astu do léamha ná A – fíorléamh a dhéanann ESB Networks, C – léamh a chuireann an custaiméir isteach agus E – meastachán a dhéanann ESB Networks.

9 Buanmhuirear
Méid seasta in aghaidh an lae is ea an táille seo agus is le haghaidh na gcostas seasta a bhaineann le do sholáthar leictreachais a chur ar fáil atá sé.

Roinnt leideanna faoi do theach a théamh an geimhreadh seo

Agus fuacht an gheimhridh le braith, beidh tú ag iarraidh do theach a bheith teolaí. Is mian linn cabhrú leat do theach a théamh go héifeachtach agus ag an am céanna cabhrú leat do chostais teasa a laghdú.

Chun ár leabhrán faoi leideanna chun fuinneamh a shábháil a fháil glaoigh ar 1850 22 22 55 nó is féidir féachaint air ar www.bordgaisenergy.ie

Taiscthéitheoirí oíche

Más mian leat do theach a théamh le leictreachas, is iad taiscthéitheoirí oíche na téitheoirí is éifeachtaí ó thaobh costais toisc gur féidir leat aonaid leictreachais níos saoire a úsáid san oíche. Oibríonn siad trí theas a ghiniúint san oíche, é a stóráil agus ansin é a scaoileadh i rith an lae.

Má tá taiscthéitheoir oíche i do theach agat, d'fhéadfá airgead a shábháil tríd é a oibriú níos éifeachtúla:

- Ba chóir go mbeadh teirmeastait socraithe ag 18°C i seomraí leapa agus 20°C i ngach áit eile.
- Socraigh t-uaineadóir ionas nach ndéanfaidh sé ach an teas a theastaíonn uait a stóráil le linn an lae.
- Is féidir gearradh siar go mór ar do bhille leicteachais má chasann tú do theirmeastat síos ó 21°C chuig 20°C .
- Cinntigh go bhfuil an rialtán socraithe ionas nach scaoilfear teas róthapa ón téitheoir.
- Ná triomaigh éadaí ar théitheoirí toisc nach mbainfear lánleas astu agus d'fhéadfadh sé comhdhlúthú a chruthú.
- Chun leas a bhaint as rátaí aonaid oíche níos saoire agus do thaiscthéitheoir á úsáid agat, ba chóir meádar taiscthéitheoirí oíche a fheistiú i do theach.

Cineálacha téitheoirí eile

Ba chóir baint siar as feantéitheoirí a úsáid sa teach toisc go n-úsáideann a gcuid mótar go leor leictreachais. Tá téitheoirí leictreacha eile cosúil le radaitheoirí líonta le hola, lampaí halaigine agus tinte leictreacha, chomh héifeachtach lena chéile ach ní féidir tairbhe a bhaint as aonaid ráta oíche níos saoire leo.

Má chuirtear na leideanna seo i bhfeidhm, cinnteofar go mbeidh do theach fós teolaí, úsáidfidh tú níos lú leictreachais, agus gearrfaidh tú siar ar do chostais teasa foriomlána.

LEIDEANNA CHUN CAILLTEANAS TEASA A LAGHDÚ

- **Coinnigh cuirtíní dúnta san oíche agus cinntigh nach mbíonn cuirtíní á gcrochadh thar na téitheoirí, toisc go gcaillfear teas i dtreo na bhfuinneog**
- **Coinnigh doirse istigh dúnta ionas nach n-éalóidh an teas isteach i seomraí nach bhfuil duine ar bith istigh iontu.**
- **Insligh d'ailéar breis agus 200mm ar tiús agus gearr siar ar do bhille teas tí suas go dtí 20%.**
- **Déan macnamh ar insliú cuasbhalla a chur isteach chun caillteanas teasa a laghdú.**
- **Tá an-tábhacht ag baint le fuinneoga déghloinithe toisc go gcaillfear an chuid teasa trí fhuinneoga.**
- **Cinntigh go mbíonn frámaí fuinneoige séalaithe ionas nach dtiocfaidh séideáin isteach sa teach.**

An raibh a fhios agat gur féidir leo siúd atá i dteideal Liúntas Saorleictreachais a fháil an Big Switch a dhéanamh freisin?

Is mar seo atá a oibríonn sé

Is féidir leis na daoine sin atá i dteideal liúntas a fháil ó chostas a mbille leictreachais an Big Switch a dhéanamh freisin. Ní gá dóibh ach a n-uimhir MPRN a bheith in aice láimhe (tá sí seo le fáil sa chúinne ar bharr a mbille, ar thaobh na láimhe deise) agus cuairt a thabhairt ar www.thebigswitch.ie nó glaoch ar 1850 46 56 66.

Agus iad ag athrú, ba chóir dóibh tic a chur sa bhosca maidir le Liúntas Saorleictreachais nó a chur in iúl don ionadaí Bord Gáis Energy ar an bhfón go bhfaigheann siad an liúntas seo. Ansin íocfaidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a Liúntas Saorleictreachais díreach ina gcuntas bainc nó ag an Oifig an Phoist in aice leo.

Is féidir samplaí a fháil de na daoine a d'fhéadfadh a bheith i dteideal Liúntas Saorleictreachais a fháil ar www.welfare.ie trí "household benefits" a chuardach.